Toghchán na huachtaránachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thoghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- the last day of campaigning
- ahead of
- in the national polls
- his opponent
- the decisive states (swing states)
- predicting
- threatening
- percentage
- this time
- still to be counted

Féach ar an mír den chéad uair, le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

Sa mhír	**Anois**
1. Cé atá chun tosaigh sna stáit chinniúnacha áirithe? 2. Cén fáth ar luadh Florida agus Pennsylvania sa mhír? 3. Cé mhéad duine a chaith	1. Cé a bhuaigh nó cé atá chun tosaigh anois sna stáit sin? 2. Cad atá sa nuacht faoi na stáit sin anois? 3. Cé mhéad duine a chaith

vóta de réir na míre? 4. Cé a bhuafaidh an toghchán, de réir Sheáin Federico Uí Murchú?	vóta faoi dheireadh Dé Céadaoin? 4. Cé a bhuaigh an toghchán?

Ceist 4 Bíonn an tuiseal ginideach i gceist ar 5 chúis. Léigh na cúiseanna agus na samplaí thíos agus bí ag obair leis an duine in aice leat chun (1) sampla amháin de gach cúis a aimsiú sa mhír agus (2) samplaí eile de na cúiseanna ar fad a chur i láthair.

Cúis 1: dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile, e.g. vótáil → bothán vótála

Sampla ón mír: _____
Sampla eile: _____

Cúis 2: tar éis ainm bhriathartha, e.g. obair → ag cuardach oibre

Sampla ón mír: _____
Sampla eile: _____

Cúis 3: tar éis réamhfhocail chomhshuite, e.g. an teach → ar fud an tí

Sampla ón mír: _____
Sampla eile: _____

Cúis 4: tar éis réamhfhocail áirithe, e.g. an tír → timpeall na tíre

Sampla ón mír: _____
Sampla eile: _____

Cúis 5: tar éis focail a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl, e.g. rís → a lán ríse

Sampla ón mír: _____
Sampla eile: _____

Ceist 5 '…**ar feadh** cúpla lá…' agus '…**go ceann** roinnt laethanta…'

Cuir na focail seo, a chuireann tréimhsí ama in iúl, in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar feadh
- go ceann
- i gceann
- le

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An raibh tú sásta le toradh an toghcháin? Cén fáth?

2. An gcuireann toradh thoghchán na huachtaránachta sna Stáit Aontaithe isteach go pearsanta ar do shaol féin? Mínigh.
3. Cad atá i ndán do Stáit Aontaithe Mheiriceá anois?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

the last day of campaigning – *an lá deireanach stocaireachta*
ahead of – *chun cinn ar*
in the national polls – *sna pobalbhreitheanna náisiúnta*
his opponent – *a chéile comhraic*
the decisive states (swing states) – *na stáit chinniúnacha*
predicting – *ag tuar*
threatening – *ag bagairt*
percentage – *céatadán*
this time – *an turas seo*
still to be counted – *fós le comhaireamh*

Ceist 3

Sa mhír	Anois
Féach an script.	Cuir an méid a thit amach tar éis an toghcháin i gcomparáid leis an méid a luadh sa script.

Ceist 4

Cúis 1: dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile, e.g. vótáil → bothán vótála
Sampla ón mír: *i dtoghchán na huachtaránachta*
Sampla eile: *an seomra ranga*

Cúis 2: tar éis ainm bhriathartha, e.g. obair → ag cuardach oibre
Sampla ón mír: *ag tabhairt cuairte*
Sampla eile: *ag ithe feola*

Cúis 3: tar éis réamhfhocail chomhshuite, e.g. an teach → ar fud an tí
Sampla ón mír: *de réir na bpobalbhreitheanna*
Sampla eile: *i gceann míosa*

Cúis 4: tar éis réamhfhocail áirithe, e.g. an tír → timpeall na tíre
Sampla ón mír: *chun tosaigh*
Sampla eile: *timpeall na cruinne*

Cúis 5: tar éis focail a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl, e.g. rís → a lán ríse
Sampla ón mír: *an-chuid ama*
Sampla eile: *an iomarca cáise*

Ceist 5

Ar feadh: Bhí mé sa Fhrainc ar feadh míosa. / Beidh mé san Iodáil ar feadh dhá lá.
Go ceann: Ní bheidh sí anseo go ceann uair an chloig eile.
I gceann: Beidh mé ar ais i gceann seachtaine.
Le: Tá mé anseo le coicís.

Ceist 6

Tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé ina n-aonar ar dtús, sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Inniu an lá deireanach stocaireachta i Stáit Aontaithe Mheiriceá roimh lá na vótála amárach i dtoghchán na huachtaránachta. Cé go bhfuil Joe Biden fós chun cinn ar an Uachtarán, Donald Trump, sna pobalbhreitheanna náisiúnta, is beag atá idir iad, is cosúil, i gcuid de na stáit is cinniúnaí sa toghchán.

Eibhlín Ní Choistealbha
An lá deireanach stocaireachta i dtoghchán na huachtaránachta – an tUachtarán Trump ag tabhairt cuairte ar chúig stát chinniúnacha, ina measc North Carolina, Michigan, Wisconsin agus Pennsylvania. A chéile comhraic, Joe Biden, in Ohio agus Pennsylvania. Lady Gaga tugtha isteach aige in Pittsburgh, in iarracht daoine a mhealladh chun vóta a chaitheamh dó.

De réir na bpobalbhreitheanna náisiúnta, tá Biden chun tosaigh go maith ar an Uachtarán. Ach, tá an iomaíocht i bhfad níos géire i roinnt de na stáit chinniúnacha. Tá an-bhéim ar Pennsylvania anois – stát a thug Donald Trump leis in 2016. Ach, tá pobalbhreitheanna ag tuar go bhfuil Biden ag bagairt na vótaí sin a bhaint de, do na Daonlathaigh.

Seán Federico Ó Murchú, Iriseoir, Nua-Eabhrac
Is é an rud faoin toghchán sna Stáit Aontaithe ná go mbraitheann sé ar stáit áirithe, ní ar an bpobal go ginearálta. Sa chás seo, i mbliana go háirithe, tá an-chuid daoine ag faire ar Florida mar bíonn Florida tábhachtach gach aon uair, agus i mbliana ar Pennsylvania. Sin stát dúiche Joe Biden agus do ba é an stát a bhuaigh Donald Trump le céatadán an-bheag[1] den vóta ceithre bliana ó shin agus sin é an stát ina bhfuil Biden ag caitheamh an-chuid ama de bharr go dteastaíonn ó na Daonlathaigh é sin a bhuachan mar measann siad gurb é sin...gur trí Pennsylvania a rachaidh siad go dtí an Tigh Bán.

Is dócha go mbuafaidh Joe Biden an turas seo ach ní …. Ach seans nach bhfaighimid amach ar feadh cúpla lá, ar a laghad.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá breis is 90 milliún Meiriceánach tar éis vóta a chaitheamh cheana féin ag an toghchán uachtaránachta. Níltear ag súil le toradh cinnte istoíche amárach, áfach, agus vótaí a seoladh sa phost fós le comhaireamh go ceann roinnt laethanta.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4

[1] *an-bheagán* a dúradh